

Aistritheoirí idir Dhá Sholas: Eorpú agus Domhandú

Aodh Ó Canainn

(CATHAOIRLEACH: ÉAMON Ó CIOSÁIN)

Aisteoirí faoi Dhá Sholas (1956) a bhí mar theideal ar leabhar le Micheál Mac Liammóir. Na soilsí atá i gceist sa teideal agamsa; ní fúthu atá muid ach idir eatarthu agus tá ceann amháin acu ár ndalladh. Is é atá uaim ná plé a dhéanamh ar an aistriúchán liteartha go Gaeilge agus an bhaint atá aige leis an rogha sin a chuir polaiteoir áirithe romhainn le déanaí—rogha idir Beirlín nó Bostún. Béarfaidh mé sciurd siar sa stair; inseoidh mé beagán faoi mo chuid taithí; agus déanfaidh mé argóint gur cheart don aistriúchán liteartha dul i dtreo an tsolais atá ag lonrú ar mhór-roinn na hEorpa. Is tráthúil go bhfuil Máirtín Ó Cadhain á chomóradh againn, mar b'aistritheoir den dá chineál é: aistritheoir pragmatach i Rannóg an Aistriúcháin agus aistritheoir liteartha ón Bhéarla, ón Bhreatnais agus ón Fhraincis. Is beag duine a thig leis an dá thrá a fhreastal. Baineann sé le samhlaíocht, ar den riachtanas í i gcás amháin agus a chaithfear a chur faoi smacht sa chás eile. Níl a fhios agam an raibh na téarmaí 'domhanda' agus 'domhandú' le cloisteáil in aimsir Mháirtín. Is iomaí sin réimse a luaitear leis an domhandú: an eacnamaíocht, an pholaitíocht, an timpeallacht agus an cultúr. Is é an ceann deireanach atá i gceist agamsa ach is baolach go dtéann an chéad dá cheann i bhfeidhm go minic air. Tugann an chaint ar an domhan mór leithscéal domh dul ag taisteal agus scéal a tharla san Afraic a insint. I Lusaka a tharla agus mé suite go teolaí in eitleán a bhí le dul go Londain gur chuala mé an fógra seo: *'Passengers for Colombo...'* Bhreathnaigh muid ar a chéile, scanraithe. Lean an fógra ... *'You are on the wrong plane!'* Ba mhaith liom fógra ar an dul chéanna a dhéanamh anois. Má tá duine ar bith ag dréim le léacht léannta ar theoiricí an aistriúcháin,

tá sé ar an eitleán mícheart. Níor fhreastail mise ar aon chúrsa aistriúcháin cé gur chas mé leis na scoláirí ag teacht abhaile, na ceapairí ite acu agus na stocáí tite anuas ar a mbróga. Tá mé in éad leo ach tá sé de shólás agam go dtagann an chaint, fiú do dhaoine nár léigh a dhath faoin teangeolaíocht.

Ceartlár na hEorpa

Tá craobh ag Gaeilgeoirí i gCumann na nInnealtóirí ar a dtugtar *An Roth*. Deirtí gurb é fionnachtain an rotha an chéim ba mhó i bhforbairt an chine dhaonna ach, i gcead don Chumann, déarfainn gurb é an chéad iarracht ar aistriú ó theanga go teanga an chéim ba shuntasáí. Ba dhíol suntais é an t-aistriúchán a rinneadh sa tír seo ar feadh na gcéadta bliain. Thosaigh ré iontach aistriúcháin na tíre seo míle bliain ó shin nuair a rinneadh cuid de na haistriúcháin ba luaithe ar na sailm agus ar na soiscéil. Ar ball, sa dara haois déag, cuireadh Gaeilge ar leithéidí *Toghail na Téibe*. Rinne Tomás Ó Floinn athchóiriú air (1983) agus dúirt gurb é an saothar fada iomlán próis ab fhearr sa Ghaeilge, sean, meán nó nua. Seo sliocht gearr ag moladh dís chailíní:

Óir ní rabhadar ar tonn talún an uair sin dhá iníon dob ionraice ná iad sin. Is amhlaidh a bhíodar sin: ceannchaomh, cosúil, súilghlas, sáiniúil, grua-chorca, gríobhghlan, béalchorca, banúil, déadgheal, dí-ainimhe, lámhghéal, lách, go sliasta séimhe, colpaí cumtha, troithe tanaí agus sála sárchruinne.

Tá sé doiligh teacht anuas den airde sin agus aistriúchán pragmatach a lua ach bhí neart den chineál sin sa cheathrú haois déag agus sa chúigiú haois déag i réimsí an leighis, na fealsúnachta agus an reiligiúin. Ag deireadh an tseú haois déag, bhí Flaithrí Ó Maolchonaire, an té a d'aistrigh *Desiderius* ar ball (1616), i gColáiste na nGael in Salamanca agus teagasc críostaí á aistriú ó Spáinnis go Gaeilge aige. Níorbh aistritheoir amháin é ach laoch. Tháinig sé in éineacht le Don Juan del Aguila go Cionn tSáile agus, nuair a fuair Aodh Rua Ó Dónaill bás in Simancas sa bhliain 1602, bhí Flaithrí le cois na leapan aige. Bhí litríocht Éireann ina neart ar feadh na gcéadta bliain de bharr an tadhail a bhí againn le tíortha na mór-roinne agus de bharr an aistriúcháin. Má bhí muid—i dtéarmaí tíreolaíochta—ar imeall na hEorpa, is cinnte gur ina cheartlár a bhí muid go cultúrtha. Ach chuaigh an Éire sin i léig agus chuir Acht na hAontachta le Sasana agus tréigean na Gaeilge séala ar an chónra. Tugaimis léim, mar sin, go deireadh na naoú haoise déag nuair a foilsíodh *The Love Songs of Connaught* (1893) an t-aistriúchán a rinne Dubhghlas de hÍde ar na hAmhráin Ghrá. Dar le Micheál Ó Cróinín, ba é a chuir tús leis an dá thraidisiún litríochta atá inniu againn. An leagan Béarla a spreag Yeats agus a chomhlúadar le litríocht nua Béarla a chur chun cinn. Cumas agus áilleacht na mbundánta Ghaeilge a lig do Phádraig Mac Piarais litríocht úr Ghaeilge a shamhlú.